Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2021 (OR. en)**

**12062/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0305(NLE)**

**PECHE 316**
**UK 209**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meán Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 595 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 595 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 595 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.9.2021
COM(2021) 595 final

2021/0305 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag na comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) is infheidhme maidir le stoic a roinntear idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ('na páirtithe') a bhunú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 1 Bealtaine 2021, tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair')[1] i bhfeidhm.

Thoiligh na páirtithe go n-oibreoidís i gcomhar le chéile d'fhonn a áirithiú, i dtaca le gníomhaíochtaí iascaireachta ar s go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta ar stoic chomhroinnte ina n-uiscí, go mbeidh na gníomhaíochtaí sin inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go rannchuideoidh siad le tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach, agus cearta agus oibleagáidí na stát cósta neamhspleách á n-urramú go hiomlán de réir mar a fheidhmeanna na Páirtithe iad.

Tá sé mar chuspóir coiteann ag na páirtithe stoic chomhroinnte a shaothrú ag rátaí atá beartaithe chun an speiceas atá á shaothrú a choinneáil agus a athbhunú, de réir a chéile, os cionn na leibhéal bithmhaise atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe ('uastáirgeacht inbhuanaithe') a tháirgeadh.

De bhua Airteagal 498 TCA, beidh na páirtithe chun comhairliúcháin bhliantúla a reáchtáil chun teacht ar chomhaontú maidir leis na TACanna is infheidhme maidir le stoic chomhroinnte le haghaidh na bliana nó na mblianta ina dhiaidh sin. Rachaidh an Coimisiún i mbun na gcomhairliúchán bliantúil sin leis an Ríocht Aontaithe thar ceann an Aontais.

Ceanglaítear le Rialachán an Chomhbheartais Iascaigh ('CBI') [2]go n-áiritheoidh an tAontas go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainistítear iad ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach agus leis an gcuspóir hinfhaighteacht soláthairtí bia a chur ar fáil. Ceanglaítear leis freisin go gcuirfidh an tAontas cur chuige an réamhchúraim i bhfeidhm i leith bainistíocht iascaigh agus go mbeidh mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíochta na mara pobail na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a choinneáil ag leibhéil atá in acmhainn uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh.

Ina theannta sin, ceanglaítear le Rialachán CBI go nglacfaidh an tAontas bearta bainistíochta agus caomhnaithe ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, go dtacóidh sé le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, go ndéanfaidh sé ábhar muirí aischurtha a

[1] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

dhíchur de réir a chéile agus go ndéanfaidh sé modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí, le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir agus go ndéanfaidh sé iascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh.

Le hAirteagal 28 de Rialachán CBI, ceanglaítear go sonrach ar an Aontas na cuspóirí agus na prionsabail sin a chur i bhfeidhm agus a chaidreamh seachtrach iascaigh á sheoladh aige. Faoi Airteagal 33 den rialachán sin, déanfaidh an tAontas gach iarracht chun teacht ar chomhshocruithe coiteanna maidir le hiascaireacht a dhéanamh ar stoic chomhroinnte d'fhonn go bhféadfaí an bhainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin iomláin, ní mór a áirithiú go mbeidh an Chomhairle rannpháirteach go hiomlán agus go tráthrialta, nuair is iomchuí, trí bhíthin comhordú agus comhar idir an Chomhairle agus an Coimisiún. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, in am trátha roimh na comhairliúcháin bhliantúla, doiciméad i scríbhinn a tharchur chuig an gComhairle, nó chuig a chomhlachtaí ullmhúcháin arna bhunú ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí agus ar fhaisnéis ábhartha eile, ina leagtar amach seasamh an Aontais lena phlé agus lena fhormhuiniú thar ceann an Aontais.

Lorgóidh an Coimisiún treoir ón gComhairle freisin sula dtabharfar na comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe i gcrích. Buailfidh seirbhísí an Choimisiúin leis an Meitheal um Iascach go tráthúil roimh gach babhta comhairliúcháin, *inter-alia*, chun an bealach chun cinn a chur i láthair agus a phlé, agus tuairisceoidh siad don Mheitheal le linn na gcomhairliúchán bliantúil. Tabharfar cuireadh do na Ballstáit páirt a ghlacadh mar bhaill de Thoscaireacht an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus le Cinneadh (AE) 2021/689[3] ón gComhairle, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach agus go hiomlán, faoi réir na socruithe is gá ar mhaithe le rúndacht a chaomhnú. Mar riail ghinearálta, cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do Pharlaimint na hEorpa tríd an gcoiste parlaiminteach atá freagrach.

## 3. BUNÚS DLÍ

### 3.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *3.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), déantar foráil maidir le glacadh na Comhairle le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe'.

#### *3.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

I gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an Comhaontú Trádála agus Comhair, rachaidh an tAontas i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir le bainistiú

[3] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe, IO L 149, 30.4.2021, lch. 2-9.

comhpháirteach acmhainní comhroinnte bitheolaíochta (go háirithe bainistiú stoc éisc comhroinnte). Tá an oibleagáid sin i gcomhréir le hAirteagal 63 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

Tá comhairliúcháin bhreise ag teastáil chun go gcomhaontóidh na páirtithe maidir le deiseanna iascaireachta agus coinníollacha a bhfuil dlúthbhaint acu leis na deiseanna sin de bhun Airteagal 498(2), Airteagal 498(4) (a) go (d) agus Airteagal 498(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 3.2. Bunús dlí substainteach

### *3.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh sin nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *3.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le socrú na ndeiseanna iascaireachta maidir le stoic chomhroinnte idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43(3) CFAE an bunús dlí substainteach maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 3.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 43(3) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2021/0305 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 43(3) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh (AE) 2021/689[1] ón gComhairle, beidh feidhm ag an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, (an 'Comhaontú') ón 1 Bealtaine 2021 amach.

(2) Faoi Airteagal 494 den Chomhaontú, thoiligh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (na 'Páirtithe') go n-oibreoidís i gcomhar le chéile d'fhonn a áirithiú, i dtaca le gníomhaíochtaí iascaireachta i leith stoic chomhroinnte ina n-uiscí, go mbeidh na gníomhaíochtaí sin inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go rannchuideoidh siad le tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach, agus cearta agus oibleagáidí na Stát cósta neamhspleách á n-urramú go hiomlán de réir mar a fheidhmíonn na Páirtithe iad. Tá sé de chuspóir coiteann ag na Páirtithe stoic chomhroinnte a shaothrú ag rátaí lena bhfuil sé beartaithe pobail na speiceas a shaothraítear a chothabháil agus a athbhunú de réir a chéile os cionn na leibhéal bithmhaise lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach.

(3) De bhun Airteagal 498 den Chomhaontú, tá na Páirtithe le dul i mbun comhairliúcháin bhliantúla chun teacht ar chomhaontú maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe ('TACanna') le haghaidh stoic chomhroinnte.

(4) Ba cheart don Choimisiún comhairliúcháin bhliantúla a dhéanamh thar ceann an Aontais ar bhonn sheasaimh an Aontais a bhfuil an Chomhairle lena mbunú i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí.

(5) Maidir le rannpháirtíocht iomlán thráthrialta na Comhairle agus a comhlachtaí ullmhúcháin i bpróiseas na gcomhairliúchán bliantúil leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc i gceist a shocrú, ba cheart í a áirithiú trí bhíthin comhordú agus comhar cuimsitheach idir an Chomhairle agus an Coimisiún, i gcomhréir le prionsabal an

[1] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE').

(6) Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach agus go hiomlán, mar a fhoráiltear in Airteagal 218(10) CFAE, chun go mbeidh sí in ann a sainchearta a fheidhmiú go hiomlán i gcomhréir leis na Conarthaí.

(7) Ceanglaítear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] go n-áiritheoidh an tAontas, i dtaca le gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe, go mbeidh na gníomhaíochtaí sin inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go ndéanfar iad a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach agus leis an gcuspóir cur le hinfhaighteacht soláthairtí bia.

(8) Ceanglaítear le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go gcuirfidh an tAontas cur chuige an réamhchúraim i bhfeidhm i leith bainistíocht iascaigh agus go mbeidh mar aidhm le CBI a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara pobail na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a choinneáil ag leibhéil atá in acmhainn uastáirgeacht inbhuanaithe a chur ar fáil.

(9) Ceanglaítear le pointe (j) d'Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 gur cheart an bhainistíocht iascaigh a bheith i gcomhréir leis an gcuspóir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach mar a leagtar amach i dTreoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Ina theannta sin, ceanglaítear le pointe (a) d'Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(d), go ndéanfaidh an tAontas ábhar muirí aischurtha a dhíchur trí, *inter alia*, mhodhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí agus a chuideoidh le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú, a mhéid is féidir, chomh maith le hiascaireacht a chur chun cinn a mbeidh tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh.

(10) Foráiltear le pointe (c) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas le bearta bainistíochta agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil.

(11) Foráiltear le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go ndéanfaidh an tAontas na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 de a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíocht d'fhorbairt an eolais eolaíochta agus na comhairle eolaíochta, le linn stiúradh a chaidrimh sheachtraigh i ngnóthaí iascaigh, agus foráiltear leis freisin go bhfuil na forálacha maidir le beartas seachtrach a leagtar amach sa Rialachán sin gan dochar d'fhorálacha sonracha arna nglacadh faoi Airteagal 218 CFAE.

(12) Le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a leagtar amach na prionsabail agus na cuspóirí maidir le bainistiú stoc ar leas coiteann iad don Aontas agus do thríú tíortha, agus na comhaontuithe maidir le malartú agus bainistiú comhpháirteach.

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[3] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais muirthimpeallachta (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

(13) I bhfianaise chineál athraitheach na n-acmhainní iascaigh a chumhdaítear leis an gComhaontú agus i bhfianaise an ghá atá leis go gcuirfí forbairtí nua san áireamh i seasamh an Aontais, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch nua agus faisnéis ábhartha eile a chuirtear i láthair roimh na comhairliúcháin bhliantúla nó lena linn, ba cheart nósanna imeachta a bhunú le haghaidh na sonraíochtaí 'ó bhliain go bliain' maidir le seasamh an Aontais sna comhairliúcháin sin. Ba cheart na nósanna imeachta sin a bheith i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) CAE.

(14) Is iomchuí dá réir sin an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe a bhunú, mar go ndéanfar toradh na gcomhairliúchán sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic chomhroinnte faoi Airteagal 498 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), leagtar amach é in Iarscríbhinn 1.

2. Déanfar sonraíochtaí sheasamh an Aontais, dá dtagraítear i mír 1, a stiúradh ar bhonn bliantúil i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

Maidir le rannpháirtíocht iomlán agus tráthrialta na Comhairle le linn na gcomhairliúchán bliantúil, déanfar í a áirithiú trí bhíthin comhordú agus comhar cuimsitheach idir an Chomhairle agus an Coimisiún.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a leasú ar thogra a fháil ón gCoimisiún, faoin 30 Meitheamh 2026.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*